Credit Review
Athbhreithniú Creidmheasa

# RÁITEAS STRAITÉISE

# ÁR MISEAN

Is é misean Sheirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa soláthar creidmheasa d'iasachtaithe inmharthana a spreagadh agus a mhéadú chun críocha gnó.

# ÁR LUACHANNA

Is Saineolaithe Neamhspleácha Iasachta a Labhraíonn go Díreach sinn, a thacaíonn le FBManna agus Feirmeacha inmharthana atá ag lorg creidmheasa.

# ÁR BHFÍS

Soláthraímid seirbhís Shimplí, Thrédhearcach, Inrochtana, Dhúthrachtach, agus Réiteach Dírithe d'iasachtaithe inmharthana nó a d'fhéadfadh a bheith inmharthana ar diúltaíodh creidmheas dóibh.

# ÁR GCUSPÓIRÍ

Sainmhínítear cuspóirí straitéiseacha Sheirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa leis an Acht um Athbhreithniú Creidmheasa 2026. Sainmhíníonn an tAcht seo ról Sheirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa agus tugtar dhá chumhacht leis:

a) Athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí na n-institiúidí rannpháirteacha le saoráidí creidmheasa nua a dhiúltú nó athstruchtúrú saoráidí reatha suas le €3m a laghdú, a tharraingt siar nó a dhiúltú do FBManna agus d'iasachtaithe Feirme a mheasann iad féin a bheith inmharthana, agus iarratas a dhéanamh ar achomharc creidmheasa chuig an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa. Is iad AIB agus BoI na hInstitiúidí rannpháirteacha; le PTSB mar rannpháirtí deonach sa scéim seo.

b) Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais iasachta gach institiúide rannpháirtí, go háirithe earnálacha FBManna agus Feirme, agus tuairisc a thabhairt don Aire Airgeadais i dtaobh an bhfuil freastal á dhéanamh ar a gcuid riachtanas.

**Is iad na 3 phríomhchuspóir leanúnacha atá againn ná:**

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le FBManna agus Feirmeacha inmharthana rochtain a fháil ar chreidmheas bainc cuí.
- Monatóireacht/Tuairisciú/Aiseolas a sholáthar ar thírdhreach creidmheasa an bhainc do FBManna/Feirmeoirí in Éirinn.
- Córas rialachais chorparáidigh iomchuí agus éifeachtach a oibriú.

# CUSPÓIR 1

**Tacú le FBManna agus Feirmeacha inmharthana le Creidmheas a rochtain**

**Déanfaidh an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa**

a) Athbhreithniú ar chinneadh iasachta na mbanc ag painéal saineolaithe creidmheasa neamhspleácha a bhfuil taithí acu a chur ar fáil do FBManna agus Feirmeacha ar dhiúltaigh a mbanc creidmheas dóibh, nó a raibh saoráidí acu ann cheana a laghdaíodh/a tarraingíodh siar nó a d'iarr athstruchtúrú, agus a mheasann siad iad féin a bheith inmharthana.

b) A chinntiú go mbeidh an tseirbhís Achomhairc inrochtana go héasca agus go ndéileálfaidh baill foirne agus athbhreithneoirí (foireann saineolaithe creidmheasa/iasachtaithe atá ag lorg réitigh) le hiarratasóirí go gasta.

c) An próiseas iarratais a dhéanamh níos feiceálaí agus feabhas leanúnach a chur ar an rochtain ar Fhaisnéis agus Nuashonruithe Creidmheasa do FBManna agus Feirmeacha ar an láithreán gréasáin.

d) Faisnéis faoin tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa a dhéanamh níos feiceálaí agus níos inrochtana ar líne agus as líne agus úsáid á baint as meáin dhigiteacha agus thraidisiúnta.

e) Líne chabhrach agus tacaíochtaí ar líne a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis ardchaighdeáin agus cáipéisíocht shoiléir. Áireofar leis sin Faisnéis agus Nuashonruithe Creidmheasa a fhoilsiú do FBManna agus Feirmeacha agus píosaí a scríobh in irisí trádála FBManna agus feirme.

f) Oibriú chun cur le cumas FBManna agus feirmeacha iarratais chreidmheasa rathúla a dhéanamh trí cheardlanna, comhdhálacha, cur i láthair agus fógraí.

# CUSPÓIR 2

**Monatóireacht/Tuairisciú/ Aiseolas a sholáthar ar thírdhreach an Chreidmheasa Baincéireachta do FBManna/Feirmeoirí in Éirinn:**

**An tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa**

a) Eisítear tuarascálacha Tráchtaireachta rialta ar an Margadh a leagann béim ar threochtaí reatha agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn sa mhargadh creidmheasa do FBManna agus Feirmeacha.

b) Faightear figiúirí ceadaithe iasachta, agus déantar monatóireacht ar iasachtaí a thabhairt do FBManna agus d'Fheirmeacha gach mí, ag tuairisciú don Aire Airgeadais.

c) In éineacht le hoifigigh na Roinne Airgeadais, cruinnítear gach ráithe leis na bainc rannpháirteacha (AIB, BOI agus PTSB) lena bhfeidhmíocht iasachta a phlé, agus a dtuairimí ar an ngeilleagar agus aon nithe eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar iasachtú FBM/Feirme.

d) Ó am go ham, moltar gníomhaíochtaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i margadh creidmheasa FBManna.

e) Déantar idirchaidreamh le Gníomhaireachtaí Rialtais eile, lena n-áirítear SBCI, Micrea-Airgeadas Éireann, ESRI, IBCB, agus Banc Ceannais na hÉireann chun faisnéis mhargaidh a chomhroinnt.

f) Déantar idirchaidreamh le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann mar an comhlacht trádála don Tionscal Baincéireachta.

g) Ó am go ham, tugtar freagairt ar iarratais ar chúnamh ar chúrsaí baincéireachta ón Roinn Airgeadais, nó ón Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

# CUSPÓIR 3

**Córas Rialachais Chorparáidigh Iomcjuí agus Éifeachtach a Fheidhmiú**

a) Féachann an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa go saorálach leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

b) b)Comhlíonann an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa réimse riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014; an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Acht um Íoc Pras Cuntas; Íocaíocht Phras le Soláthraithe; An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995; Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, (DPA) 1988, 2003 & 2018; An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 & 2022 agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 & 2004. Tugtar nochtadh a éilítear faoin gCód sa Tuarascáil Bhliantúil.

c) Geallann an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa na sonraí pearsanta go léir a choinneáil slán agus príobháideach agus comhlíonadh na rialachán um chosaint sonraí a choinneáil.

d) Tá an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa tiomanta do sheirbhís den scoth do chustaiméirí a sholáthar (mionsonraithe i gCairt na gCliant).

e) Tá an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa tiomanta d'oibríochtaí éifeachtúla agus éifeachtacha, agus próisis a fheabhsú go leanúnach le caighdeán a choinneáil agus moilleanna a íoslaghdú, agus luach ar airgead a lorg thar gach caiteachas, ag cloí le nósanna imeachta soláthair phoiblí.

f) Geallann an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa trédhearcacht ina cuid oibríochtaí, ag foilsiú tuarascálacha agus staitisticí ar a láithreán gréasáin. Tá an tseirbhís faoi réir scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ag Oifig an Ombudsman, agus ag Oifig an Ombudsman do Leanaí.

g) Oibríonn an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa córas rialaithe inmheánaigh, agus creat riosca agus rialaithe, a bhfuil sonraí ina leith le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

# TIOMANTAS DO CHOMHIONANNAS AGUS DO CHEARTA AN DUINE

Tá an tSeirbhís um Athbhreithniú Creidmheasa tiomanta dár ndualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí a sheachadadh chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na gcustaiméirí agus na ndaoine a oibríonn anseo a chosaint. Táimid tiomanta dá chinntiú go gcaitear lenár mbaill foirne agus leo siúd a úsáideann ár seirbhísí le dínit agus le meas, agus aithnímid agus ceiliúraimid an saibhriú a eascraíonn as an éagsúlacht.

Déanfaimid cothromaíocht a bhaint amach idir ár gceanglas a bheith neamhchlaonta, neamhspleách agus cothrom le seirbhís inrochtana agus uilechuimsitheach a sholáthar dár n-úsáideoirí, agus aitheantas á thabhairt go dtagann ár gcustaiméirí ó chúlraí éagsúla. Cuirfimid an cur chuige trí chéim i bhfeidhm maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí - déanfaimid measúnú, aghaidh a thabhairt agus tuairisciú maidir leis an méid a fhoghlaimímid.

**Gníomhaíochtaí in 2025-2027**

- Feasacht a ardú agus gach ball foirne a spreagadh chun Modúl Ríomhfhoghlama maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), a chur i gcrích.
- Oiliúint a dhéanamh i Claontacht Neamh-chomhfhiosach, Feasacht Idirchultúrtha agus Cumarsáid Mheasúil